**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

# Ealaín
# Ceardaíocht
# Dearadh
# – *Tionscadal*

## GNÁTHLEIBHÉAL

Le heisiúint do Mhúinteoirí Ealaíne agus do Mhic Léinn san Ealaín Ceardaíocht Dearadh ar

**3 Deireadh Fómhair 2011**

Ní mór an Tionscadal seo a bheith críochnaithe faoi

**1 Bealtaine 2012**

An t-íosmhéid ama a mholtar: 42 uair an chloig

**Tá 300 marc ag gabháil leis an tionscadal seo.**

75 marc — ULLMHÚCHÁN: Taighde agus fiosrúchán ag baint úsáide as meáin éagsúla.
75 marc — FORBAIRT: Staidéir a léiríonn smaointe cruthaitheacha indibhidiúla.
120 marc — RÉADÚ: Na saothair 2T agus 3T críochnaithe.
30 marc — STAIDÉIR THACAÍOCHTA: Obair radharcach agus scríofa a bhaineann leis an tionscadal.

# Treoracha do Mhúinteoirí AGUS d'Iarrthóirí

## OBAIR THIONSCADAIL

Ní mór Tionscadal an Teastais Shóisearaigh san Ealaín Ceardaíocht Dearadh a dhéanamh de réir an Chiorcláin S62/11 a d'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Tá ar an múinteoir a dheimhniú go bhfaigheann gach iarrthóir cóip de scrúdpháipéar 2012 – *An Teastas Sóisearach, 2012: Ealaín Ceardaíocht Dearadh – Tionscadal (2012.S50T)*.

Ní mór don mhúinteoir a dheimhniú gurb í cuid oibre indibhidiúil an iarrthóra féin atá in ullmhúchán, i bhforbairt agus i réadú gach tionscadail ar leith agus ní mór don mhúinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an obair seo ar bhonn rialta.

Is gá réadú an tionscadail (na saothair 2T agus 3T críochnaithe) a dhéanamh sa scoil faoi mhaoirseacht an mhúinteora agus NÍ CEADMHACH don iarrthóir ná don mhúinteoir an obair a thabhairt amach as an scoil sula marcáiltear an scrúdú i mí an Mheithimh.

## Tá ar mhúinteoirí comhairle a chur ar iarrthóirí i dtaca leis na rialacháin a leanas:

## AN OBAIR THIONSCADAIL

- Caithfidh an t-iarrthóir teideal a chur ar gach mír den obair chun an téama a roghnaigh sé/sí a chur in iúl go soiléir.

- Líníochtaí de chuid an iarrthóra féin a chaithfidh a bheith san obair ullmhúcháin ar fad.

- Caithfidh gaol a bheith le sonrú idir gach roinn den Tionscadal agus an téama roghnaithe, mar a léirítear é ar an taobh amuigh d'fhorchlúdach an tionscadail. Mura mbíonn an gaol sin le sonrú, caillfidh an t-iarrthóir marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.

- Ní ceadmhach toisí na hoibre 2T agus 3T a dhéanann an t-iarrthóir a bheith níos mó ná na huastoisí a shonraítear ar scrúdpháipéar 2012. Aon áit nach gcloíonn an t-iarrthóir leis an treoir seo, caillfidh sé/sí marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.

# TÉAMAÍ

*Ní mór do na hiarrthóirí* ***CEANN AMHÁIN*** *de na téamaí a leanas a roghnú agus an téama / teideal sin a chur in iúl ar gach mír den obair.*

1. **An Glantachán Mór**
2. **Ag Fanacht ag Stad an Bhus**
3. **Bia Maith**
4. **Ag Féachaint ar an Dúlra**
5. **Lámh Chuidithe**
6. **Dán:**

***Trees***

**I think that I shall never see**
**A poem lovely as a tree.**

**A tree whose hungry mouth is prest**
**Against the earth's sweet flowing breast;**

**A tree that looks at God all day,**
**And lifts her leafy arms to pray;**

**A tree that may in summer wear**
**A nest of robins in her hair;**

**Upon whose bosom snow has lain;**
**Who intimately lives with rain.**

**Poems are made by fools like me,**
**But only god can make a tree.**

*Alfred Joyce Kilmer (1886 – 1918)*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

IS FÉIDIR do smaoineamh a fhorbairt ag tosú duit ó fhoinsí 2T, 3T nó ó Staidéir Thacaíochta agus a bheith ag obair ón mbreathnóireacht dhíreach nó ón tsamhlaíocht nó ón dá cheann le chéile.

Is cuid riachtanach den tionscadal na STAIDÉIR ULLMHÚCHÁIN agus ní mór do chuid íomhánna, ón mbreathnóireacht nó ón tsamhlaíocht, a bheith faoi iamh. Ní ghlacfar le hobair a bhraitheann go hiomlán ar an gcóipeáil/rianú.

DÉAN DEIMHIN de go bhfuil do scrúduimhir ar taispeáint go soiléir ar gach cuid den obair a chuirtear i láthair. Cuir lipéad ar gach bileog a chuirtear i láthair. Scríobh an ceannteideal cuí ar na lipéid ghreamaitheacha a chuirfear ar fáil chuige sin.

CUIR IN IÚL do théama roghnaithe go soiléir leis an teideal ar gach mír den obair.

NÍ DHÉANFAR scrúdúchán ach ar an líon de bhileoga A2 a iarrtar (9 mbileog ar a mhéad). Ní cóir ach sraith amháin d'obair ealaíne a chur ar gach bileog.

NÁ DÉAN obair ar bith ar chúl aon cheann de na bileoga.

## An Tionscadal

*Na réimsí riachtanacha staidéir*

**Staidéir 2T**
**Staidéir 3T**
**Rogha**
**Staidéir thacaíochta**

Is féidir leat an obair do na réimsí riachtanacha staidéir a tháirgeadh in aon ord is mian leat. Agus píosa oibre críochnaithe agat is gá duit rogha de na staidéir ullmhúcháin chuí, a thaispeánann bunús agus forbairt na hoibre, a ghreamú ar bhileog de pháipéar líníochta 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad.

Ní ceadmhach toisí na hoibre 2T agus 3T a dhéanann an t-iarrthóir a bheith níos mó ná na huastoisí a shonraítear ar scrúdpháipéar 2012. Aon áit nach gcloíonn an t-iarrthóir leis an treoir seo, caillfidh sé/sí marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.

# Staidéir 2T

## *Péintéireacht*

Déan péintéireacht atá bunaithe ar do phointe tosaigh.
Is féidir úsáid a bhaint as meáin mheasctha.

**nó**

## *Dearadh Grafach*

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas atá bunaithe ar do phointe tosaigh.

1. **Póstaer**
2. **Clúdach Físeáin**
3. **Forchlúdach Leabhair**
4. **Stampa Poist**
5. **Clúdach DVD**
6. **Clúdach CD/Ceirnín**
7. **Lógó**
8. **Bróisiúr**

Ní ceadmhach an phéintéireacht ná an dearadh grafach a bheith níos mó ná 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad.

# Staidéir Thacaíochta don Obair 2T

Is féidir na staidéir thacaíochta a bheith i bhfoirm radharcach agus i bhfoirm scríofa. Ba chóir go mbeadh gaol idir iad agus an réimse seo de do thionscadal agus go neartódh siad é. Ba chóir an rogha dheireanach díobh seo a ghreamú ar bhileog pháipéir 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad. Níor chóir ach sraith amháin d'obair ealaíne a chur ar gach bileog A2.

# Staidéir 3T

Forbair smaoineamh atá bunaithe ar do phointe tosaigh agus cuir i gcrích é le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

1. **Múnlóireacht**
2. **Snoíodóireacht**
3. **Tógáil**

Ní ceadmhach an píosa oibre a bheith níos mó ná 80 cm sa toise is mó.

# Roghanna

Dear agus déan **ROGHA AMHÁIN** díobh seo a leanas, ag leanúint le do phointe tosaigh roghnaithe mar bhonn agat:

| | |
|---|---|
| | *An méid is mó* |
| **Baitíc** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Blocphriontáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Eitseáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Leabharcheardaíocht** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Peannaireacht** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Bróidnéireacht** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Fabraicphriontáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Scáthlánphriontáil** | 59 × 42 cm (A2) |
| **Fíodóireacht** | 59 × 42 cm (A2) |
| | *An méid is mó in aon toise* |
| **Miotalóireacht Ealaíne** | 26 cm |
| **Snoíodóireacht** | 26 cm |
| **Múnlóireacht/Teilgean** | 26 cm |
| **Pacáistíocht** | 26 cm |
| **Criadóireacht/Ceirmeacht** | 26 cm |
| **Puipéadracht** | 60 cm |

Is gá cloí i ngach cás leis na huastoisí a shonraítear maidir leis na roghanna thuas. Aon áit nach gcloíonn an t-iarrthóir leis an treoir seo, caillfidh sé/sí marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.

## Staidéir Thacaíochta don Obair 3T agus don Rogha

Is féidir na staidéir thacaíochta a bheith i bhfoirm radharcach agus i bhfoirm scríofa. Ba chóir go mbeadh gaol idir iad agus an réimse seo de do thionscadal agus ba chóir go neartódh siad é. Ba chóir an rogha dheireanach díobh seo a ghreamú ar bhileog pháipéir 59 × 42 cm (A2) ar a mhéad. Níor chóir ach sraith amháin d'obair ealaíne a chur ar gach bileog A2.

## ***Liosta Seiceála don Tionscadal - Gnáthleibhéal***

**1. Ullmhúchán don phéintéireacht *nó* don dearadh grafach**

**2. Péintéireacht *nó* dearadh grafach déanta**

**3. Staidéir thacaíochta don phéintéireacht *nó* don dearadh grafach**

**4. Ullmhúchán don obair 3T**

**5. An obair 3T déanta**

**6. Ullmhúchán don rogha (2T *nó* 3T)**

**7. Rogha (2T *nó* 3T) déanta**

**8. Staidéir thacaíochta don obair 3T *agus* don rogha**

## ***Liosta seiceála don líníocht – Gnáthleibhéal***

**9. Líníocht ó fhoirmeacha nádúrtha/saorga**

**10. Líníocht ó fhoirmeacha daonna**

***Ní cóir go mbeadh níos mó ná naoi mbileog ar a mhéad faoi iamh ar an nGnáthleibhéal.***

***Ní mór na bileoga sin a chur sa chlúdach atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.***

***Ní mór an obair 3T a bheith ar barr.***

***Ní ceart obair 3T a chur i mbeartán ná i mbosca.***

- **Beidh an Scrúdú Líníochta ann i mí na Bealtaine 2012. Gheobhaidh tú an scrúdpháipéar roimh an scrúdú.**

- **Nuair a gheobhaidh tú scrúdpháipéar 2012 beidh cead agat do líníocht ar do mhír roghnaithe a chleachtadh, mír as Catagóir A (Foirmeacha Nádúrtha) *nó* as Catagóir B (Foirmeacha Saorga).**

- **Beidh cead agat, freisin, cleachtadh a dhéanamh ar líníocht na staidiúire a bhfuil cur síos uirthi i gCatagóir C (Foirmeacha Daonna) ar an Scrúdpháipéar.**

- **Ar lá an scrúdaithe, ní mór duit tarraingt ar bhileoga bána, folmha líníochta.**

- **NÍ CEADMHACH OBAIR EALAÍNE D'AON CHINEÁL A THABHAIRT LEAT ISTEACH SAN IONAD SCRÚDUITHE.**

**Is cion é forchlúdach séalaithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit a athoscailt sula dtarlaíonn an mharcáil i mí an Mheithimh.**